# Gearrscannáin

don dara/tríú bliain

# Scoileanna T1

| | |
|---|---|
| <br>**Rúbaí**<br>**(2013) 11:23 n.**<br>Le Magamedia Teoranta i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann. | Rúbaí, cailín óg 8 mbliana d'aois atá ar tí a céad chomaoineach a dhéanamh ach atá ag diúltú é a dhéanamh in Éirinn an lae inniu.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722504728001 |
| <br>**Fíorghael**<br>**(2005) 9:08 n.**<br>Le Zanzibar Films i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4. | Gearrscannán grinn faoi chúrsaí teanga in Éirinn. Bíonn olc ar thriúr othar, nach bhfuil aon Ghaeilge acu, in oifig shíciatrach nuair a chloiseann siad rúnaí na hoifige ag labhairt Gaeilge ar an bhfón agus nach dtuigeann siad céard atá á rá aici.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5833836741001 |
| <br>**Fluent Dysphasia**<br>**(2004) 15:55 n.**<br>Le Dough Productions i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4. | Ní mórán riamh a bhí le rá ag Murph lena iníon cúig bliana déag d'aois. Dúisíonn sé maidin amháin agus bíonn an Ghaeilge ar a thoil aige, rud nach raibh riamh cheana. Bíonn dearmad déanta aige conas Béarla a labhairt agus lorgaíonn sé cabhair ó dhuine ar bith a thabharfaidh dó í!<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5833833987001 |

| | |
|---|---|
| <br>**Síle**<br>**(2013) 23:27n.**<br>Le ROSG : Síol Scéal i gcomhar le TG4. | Déagóir í Síle atá ag streachailt leis an saol agus le bás a máthar. Nuair a chastar bean eile ar a hathair, bíonn a croí dubh ar fad. Scéal é seo atá bunaithe ar scéal as béaloideas na hÉireann.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo [https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5728828053001](https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5728828053001) |
| <br>**An Buile**<br>**(2010) 22:34 n.**<br>Le ROSG: Síol Scéal i gcomhar le TG4. | Scannán bunaithe ar shaothar de chuid Liam Uí Fhlaithearta. De bharr fadhbanna airgid agus brú oibre, ní bhíonn cúrsaí go maith idir Éamonn agus a mhac Néidín. Ach, ní bhíonn rogha acu aon lá amháin ach an lá a chaitheamh i gcomhluadar a chéile.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo [https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5721623657001](https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5721623657001) |
| <br>**An Díog is Faide**<br>**(2004) 13:49 n.**<br>Espresso Films i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann agus TG4. | Scéal fíor faoi Sonny Murphy, léimreathaí as Éirinn ar bhailigh an baile ar mba as é an t-airgead le hé a chur go dtí na Cluichí Oilimpeacha in Los Angeles i 1932. Ní raibh teas chomh mór riamh in Los Angeles an bhliain sin agus fuair Sonny go dona mar gheall air. An mbeadh sé in ann ag an dúshlán nó an seasfadh sé an fód ar mhaithe lena thír agus a mhuintir ag baile?<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo [https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722515180001](https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722515180001) |
| <br>**Filleann an Feall**<br>**(2000) 23:31 n**<br>Flushfilms i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann agus TG4. | Faigheann beirt as Baile Átha Cliath, Seán agus Ger, amach faoin saibhreas atá le fáil go héasca in iarthar na hÉireann. An rud ba cheart dó a bheith ina sheift dhíreach gan dua, titeann as a chéile nuair a thagann an tsaint chun tosaigh. Ach is ann don seanfhocal Gaeilge, 'Filleann an feall ar an bhfeallaire'.<br><br>Ar fail ar an bhfísdiosca digiteach **'Gearrscannáin'** ó Bhord Scannán na hÉireann |

| | |
|---|---|
| <br><br>**Turas Téarnaimh**<br>**(1954) 14:49 n.**<br>Le hInstitúid Náisiúnta na Scannán Éire le comhairle agus cúnamh ón Roinn Sláinte agus ó fhoirne Sanatorium Baile Eoin, Baile Átha Cliath, Ospidéil Cliabh-ghalar Naomh Muire, Baile Átha Cliath , Forais Eitinne Chonnacht, Gallaimh. | Tolgann ógfhear (Joe Lynch) eitinn a ghineann anbhuain ina bhean chéile (Joan O'Hara) agus náire ina haintín (Marie Keane). Tagann biseach air tar éis seal fada a chaitheamh ar fhinnéirí i sanatóir eitinne.<br><br>Ar fáil ar Seinnteoir IFI ag an nasc seo<br>https://ifiarchiveplayer.ie/voyage-to-recovery/ |
| <br>**Sínte**<br>**(2014) 22:42 n.**<br>Le ROSG. Síol Scéal i gcomhar le TG4. | Bíonn timpiste bóthair ag Seán Mac Donncha agus an bhean atá geallta leis. Is as baile beag iascaireachta in iarthar na hÉireann dóibh. Bíonn tionchar ag an timpiste orthu an chuid eile dá saoil.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br><br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5728906752001 |
| <br>**An Seabhac**<br>**(2010) 22:42 n.**<br>Le ROSG. Síol Scéal i gcomhar le TG4. | Scannán bunaithe ar shaothar de chuid Liam Uí Fhlaithearta. Cuirtear síos sa scannán seo ar dhornálaí fíochmhar atá in ann do dhuine ar bith sa bhfáinne. Ach tagann athrú ar rudaí nuair a dhéanann sé iarracht bob a bhualadh ar choirpeach a chuir geall ag an troid. Anois tá a chlú agus a theaghlach i mbaol.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br><br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5721622201001 |